

[Type text]



Bileog eolais faoi Orgánaigh atá Frithsheasmhach in Aghaidh Ildrugaí (MDRO)

Cad is MDROanna ann?

Giorrúchán is ea MDRO ar orgánach atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí. Tá baictéir (frídí) MDRO frithsheasmhach in aghaidh a lán antaibheathach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil siad níos deacra a mharú ná na frídí coitianta. Amanna, tugtar 'tarbhfrídí' ar fhrídí atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach. B'fhéidir gur chuala tú trácht ar chuid de na tarbhfrídí is coitianta, MRSA, CPE, ESBL agus VRE mar shampla. **Ní** ceann acu sin an fhríd atá agatsa. Beidh ainm na fríde atá agat tugtha duit ag do dhochtúir nó ag d'altra. Is féidir leat a iarradh orthu ainm na fríde a scríobh thíos ionas go gcuimhneoidh tú air.

Ainm na fríde: _____

I gcás fhorhóir na ndaoine formhór an ama, maireann MDROanna ar an gcráiceann nó sa phutóg gan aon dochar a dhéanamh. In amanna, is féidir leo dul isteach sa lamhnán, duán, scamhóg nó fuil agus ionfhabhtú an-tromchúiseach a dhéanamh. Is iondúil go dtarlaíonn sé sin in othair a bhíonn an-leochaileach – mar shampla, nuair a bhíonn gá acu le dianchúram nó le linn dóibh a bheith ag fáil ceimiteiripe. Má fhaigheann tú ionfhabhtú MDRO is féidir cóireáil a chur air le hantaibheathaigh speisialta, mar nach n-oibreoidh na hantaibheathaigh choitianta. Má fhaigheann tú ionfhabhtú tromchúiseach le MDRO, caithfear na dochtúirí a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir ionas go bhfaighidh tú na hantaibheathaigh chearta láithreach.

Conas a fuair mé an MDRO?

B'fhéidir go mbeadh d'fhoireann leighis in ann níos mó eolais a thabhairt duit faoin áit as ar tháinig an MDRO, ag brath ar ainm na fríde. B'fhéidir go raibh MDRO i do phutóg le míonna, nó le blianta fiú, sula raibh tástáil agat a fuair amach é. Is minic nach mbíonn sé furasta a rá cén áit nó cén uair a phioc duine suas MDRO.

Tá a lán cineálacha MDRO ann. Tá cuid acu an-choitianta agus faightear go nádúrtha sa talamh iad nó san uisce. Formhór an ama, ní chuireann siad aon imní orainn mar nach bhfuil aon dochar iontu do dhaoine sláintiúla. Tá cuid de na MDROanna neamhchoitianta, ach amháin in othair a chaitheann a lán ama san ospidéal.

[Type text]



Cad iad na siomptóim de fhríd MDRO?

Fad a fhanann MDRO ar an gcrailleann nó sa phutóg, is iondúil nach dtagann aon tinneas as. Ach má theann an MDRO isteach sa lamhnán, duan nó fuil, is féidir leis ionfhabhtú a dhéanamh. Nuair a tharlaíonn sé sin, braitheann an t-ionfhabhtú ar an gcaoi chéanna le hionfhabhtú a dhéanann fríd eile. Is minic go bhfaigheann daoine teocht, airíonn siad pian agus tosaíonn siad ag crith le fuacht. An t-aon difríocht a bhíonn ann ná, má bhíonn gá agat le cóireáil, go gcaithfidh tú antaibheathaigh speisialta a fháil mar nach n-oibreoidh na gnáth-antaibheathaigh.

Cén fhad a bheidh MDRO agam?

Is féidir leis an MDRO maireachtáil i do phutóg ar feadh míonna nó blianta fiú. Mura mbeidh gá agat le hantaibheathaigh ar feadh i bhfad, méadóidh tú an seans go rachaidh an MDRO i léig. Ach má chaitheann tú antaibheathaigh a thógáil go minic, tógfaidh sé níos faide ar an MDRO glanadh suas.

Conas is féidir stop a chur le scaipeadh an MDRO?

An bealach is fearr le stop a chur le scaipeadh gach fríde agus víris ná imeall, lámh agus suíochán an leithris a choinneáil glan agus na lámha a ghlanadh go maith tar éis dul chuig an leithreas, sula dtosóidh tú ag ithe agus tar éis a bheith i dteagmháil le feoil amh.

Má théann tú san ospidéal, tabharfaidh tú faoi deara go mbeidh an fhoireann an-chúramach a lámha a ní tar éis dóibh a bheith i do chóiriú. Amanna, beidh naprúin agus miotóga orthu. Lena chois sin, b'fhéidir go dtabharfaí seomra aonair duit san ospidéal. Tógtar na céimeanna sin chun cuidiú le laghdú a dhéanamh ar MDROanna san ospidéal. Má tá a fhios agat go bhfuil tarbhfríd á hiompar agat, tá sé tábhachtach é sin a rá le ball den fhoireann nuair a thiocfaidh tú chuig an ospidéal.

Taifeadfaidh a t-ospidéal ar do cairt othair go bhfuil MDRO agat. Cinnteoidh sé sin go leanfaidh an fhoireann na gnáthaimh i dtaca le sláinteachas lámh ceart agus go dtabharfaidh siad an chóireáil cheart duit má thagann tú isteach san ospidéal in athuair.

Cad a tharlóidh nuair a rachaidh mé abhaile?

Níl ann ach baol an-bheag go ndéanfaidh MDROanna aon dochar do dhaoine a bhfuil an tsláinte réasúnta maith acu i gcoitinne. Ní gá duit aon rud a dhéanamh atá difriúil ó aon duine eile agus tú i mbun gnáthchúrsaí an tsaoil sa bhaile agus nó amuigh sa phobal. Is féidir éadaí, éadaí leapa agus soithigh a ní mar is gnách. Ach ar aon dul le gach duine eile, molaimid duit a bheith cúramach faoi

[Type text]



do lámha a ghlanadh go maith. Ba chóir do gach duine a lámha a ghlanadh sula dtosóidh siad ag ithe nó ag ullmhú bia. Tugann lámha glana cosaint duit féin agus do dhaoine eile ó bheith ag scaipeadh frídí, ní amháin MDROanna.

Má leanann tú dea-chleachtas sláinteachais i gcónaí, cuideoidh sé chun cosc a chur le scaipeadh baictéar agus víreas. Nuair a bheidh tú ag úsáid an leithris, tá sé iontach tábhachtach go bhfágfa an leithreas glan i do dhiaidh agus sa riocht inar mhaith leat é a fháil.

Breis eolais

Ná bíodh drogall labhairt leis an bhfoireann cúram sláinte atá ag tabhairt aire duit má bhíonn aon cheist agat, nó má theastaíonn breis eolais uait faoi MDROanna. Tá eolas faoi shláinteachas lámh, rialú ionfhabhtuithe agus bainistiú tarbhfrídí sa bhaile le fáil ar www.hse.ie/infectioncontrol nó ar www.hpsc.ie

Nóta d'Oibrithe Cúram Sláinte

D'othair atá aitheanta ag saotharlann nó ag an bhfoireann um Chosc agus Smachtú Ionfhabhtuithe (IPC) mar dhaoine a bhfuil ceann de na horgánaigh atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugáí (MDROanna) acu an bhileog seo. Tá bileoga eolais d'othair againn faoi MRSA, ESBL, VRE agus CPE. Le do thoil, scríobh síos ainm na fríde MDRO atá tú a phlé le d'othar ar an líne 'Ainm na fríde'.

Tá an t-eolas seo faofa le n-úsáid ag clár náisiúnta um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtaithe an FSS.

Foilsithe: Eanáir 2019